AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

## CEIST 1 - CEAPADÓIREACHT - [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A – GIOTA LEANÚNACH – (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Daoine óga in Éirinn inniu.
(ii) An cineál saoil a bheidh agam, dar liom, tar éis na hArdteistiméireachta.
(iii) Caithimh Aimsire – an tábhacht atá ag baint leo.

### B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Dhún Séamas an doras. Chuir sé glas air. Cheap sé go raibh gach rud i gceart an oíche sin …"

**nó**

(ii) " Bhí mo chara, Róisín, ag fanacht liom ag geata na scoile. Bhí áthas an domhain uirthi. 'Tharla rud iontach dom inné tar éis na scoile', a dúirt sí …"

### C – LITIR – (60 marc)

(i) Bhí tú ag ceolchoirm a bhí an-mhaith le déanaí. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

**nó**

(ii) Léigh tú litir sa nuachtán *Foinse* faoin áit ina bhfuil tú i do chónaí. Níor thaitin na rudaí a bhí sa litir leat. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin sin.

### D – COMHRÁ – (60 marc)

(i) Tá suim mhór agat féin sa spórt ach níl suim ar bith ag cara leat ann. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

(ii) Ba mhaith leat dul chuig dioscó ach níl do mháthair (nó d'athair) sásta cead a thabhairt duit dul ann. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

| CEIST 2 | - LÉAMHTHUISCINT - | [100 marc] |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **<u>ar fad</u>** a ghabhann leis.

### LAOCH NA GAELTACHTA

**1.** Duine de na laochra spóirt a bhí ag iomaíocht sna Cluichí Oilimpeacha i Sydney 2000 ba ea **Éadaoin Ní Challaráin**. Ghlac sí páirt sa chomórtas curachadóireachta (kayakadóireachta) i bPenrith, 30 míle ó Sydney. Is í an chéad bhean í as Gaeltacht Chonamara a ghlac páirt mar iomaitheoir sna Cluichí Oilimpeacha agus tá muintir Chonamara agus muintir na nGaeltachtaí ar fad an-bhródúil aisti. Níor bhuaigh Éadaoin bonn ar bith san Astráil ach níor chuir sé sin isteach ar na sluaite a tháinig amach oíche Dé Céadaoin seo caite chun fáilte abhaile a chur roimpi.

**2.** Cé go raibh an aimsir an-dona i gConamara an oíche sin, tháinig na céadta duine amach chun an meas atá acu ar Éadaoin a thaispeáint. Bhí tinte cnámh ar lasadh acu ó Ghaillimh go dtí an Spidéal. Labhair Éadaoin leis an slua a bhí bailithe sa Spidéal. “Tá mé fíorbhuíoch de na daoine ar fad atá i láthair, de na daoine a chuir litreacha agus cártaí sa phost chugam agus de na daoine a chuir teachtaireachtaí chugam ar an ríomhphost nuair a bhí mé i Sydney,” a dúirt sí. “Chuir an méid litreacha a fuair mé sa phost agus na sluaite as Éirinn a tháinig ag breathnú orm ag iomaíocht i bPenrith ionadh an domhain ar na hiomaitheoirí eile a bhí sa chomórtas curachadóireachta.”

**3.** Labhair **Seán Bán Breathnach** ó *Raidió na Gaeltachta* leis an slua freisin. “Nuair a chonaic muintir Chonamara deich mbliana ó shin í ar thrá an Spidéil agus maide rámha ina lámha aici, níor smaoinigh siad riamh go mbeadh an cailín óg seo ina laoch Oilimpeach taobh istigh de chúpla bliain,” a dúirt sé. Dúirt sé gur ambasadóir spóirt iontach í Éadaoin mar go bhfuil sí sásta i gcónaí labhairt le hiriseoirí agus le lucht teilifíse agus raidió as gach tír ar domhan agus go labhraíonn sí leo go cumasach i nGaeilge agus i mBéarla.



**4.** Tar éis na hArdteistiméireachta chuaigh Éadaoin chuig Ollscoil na Gaillimhe chun cúrsa leighis a dhéanamh. Tharla cúpla rud san ollscoil a mhéadaigh ar a suim sa churachadóireacht. San ollscoil, chuir sí aithne ar dhaoine a raibh baint acu leis an spórt seo agus thug siad cabhair di. Ghlac sí páirt i gcomórtais éagsúla idir ollscoileanna. Spreag na comórtais Éadaoin chun feabhas a chur ar a scileanna mar churachadóir. Thosaigh sí ag traenáil go dian. Níorbh fhada gur léirigh sí go raibh cumas thar an ngnáth aici sa spórt seo. Dhá bhliain ó shin d’éirigh go han-mhaith léi i gCraobh an Domhain sa Spáinn. Cé nár éirigh léi bonn a fháil i Sydney 2000 is cinnte nach bhfuil deireadh cloiste againn faoin mbean chumasach Ghaeltachta seo.

**<u>Gluais</u>**: curachadóireacht = kayakadóireacht = an spórt sa phictiúr thuas**.**

(i) Cén fáth a bhfuil muintir Chonamara an-bhródúil as Éadaoin (*Alt 1*)? (10 marc)

(ii) Luaigh **rud amháin** a rinne siad <u>an oíche sin</u> chun an meas atá acu ar Éadaoin a thaispeáint (*Alt 2*). (10 marc)

(iii) In *Alt 2* deirtear go raibh ‘ionadh an domhain ar na hiomaitheoirí eile a bhí sa chomórtas’. Cén **dá rud** a chuir ionadh an domhain orthu? (10 marc)

(iv) In *Alt 3* dúirt Seán Bán Breathnach ‘gur ambasadóir spóirt iontach í Éadaoin’. Cén fáth a ndúirt sé é sin? (10 marc)

(v) “Tharla cúpla rud san ollscoil a mhéadaigh ar a suim sa churachadóireacht,” a deirtear in *Alt 4*. Luaigh **dhá rud** a tharla a mhéadaigh ar a suim sa spórt seo. (10 marc)

## B – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.


### BART SIMPSON : 40 BLIAIN d'AOIS!

**1.** Tá cáil mhór ar **Bhart Simpson**. Tá Bart chomh cáiliúil sin go bhfuil sé ainmnithe ag *Time Magazine* i measc an 100 duine is cáiliúla sa 20ú aois. Bíonn ceist faoi Bhart ar beagnach gach seó ceistiúcháin ar an teilifís. Ach níl mórán eolais ag daoine ar an aisteoir a dhéanann glór Bhart, ámh. Bhí ar an lucht féachana ar an gclár, *Who wants to be a Millionaire?* teacht i gcabhair ar iarrthóir agus a insint dó gurb í **Nancy Cartwright**, bean atá 40 bliain d'aois, a dhéanann glór Bhart.

**2.** Nuair nach raibh Nancy ach ina déagóir in Ohio chuir sí glaoch ar **Daws Butler** i Hollywood, an fear a rinne glór *Yogi Bear* sna cartúin. Chuir sé glaoch ar ais uirthi agus thug sé gach cabhair agus treoir di faoi obair na gcartún. "Ba é an rud a rinne Daws Butler an rud is tábhachtaí a tharla dom riamh i mo shaol," a deir sí. Dúirt Nancy go ndearna sí triail do pháirt Lisa Simpson, an iníon, i dtosach ach nuair a léigh sí na rudaí a bhí sa script faoi Bhart dúirt sí gurb é páirt Bhart an ceann ab fhearr léi.

**3.** "Is iomaí cartún a rinneadh i Meiriceá roimhe seo, cosúil leis na *Flintstones* agus na *Jetsons*, ach rinne na *Simpsons* rud amháin nach ndearna siadsan. Thosaigh na Simpsons ag magadh faoi rudaí a bhí ag tarlú i Meiriceá ag an am. Bímid ag magadh faoin stair, faoi pholaiteoirí cáiliúla agus faoi cheoltóirí clúiteacha. Déarfainn go mbaineann muintir na hÉireann agus na hEorpa taitneamh as an gclár toisc go bhfeiceann siad Meiriceánaigh ag magadh fúthu féin agus faoi réaltaí cáiliúla a bhíonn ar an gclár. Bhí **U2** páirteach i gclár i mbliana ach ní fheicfidh sibhse é go dtí an bhliain seo chugainn. Ní féidir liom cuimhniú ar cad a bhí ar siúl acu ar an gclár sin. Ní raibh mé i láthair an lá sin!" ar sí.

**4.** Tionscal an-mhór é na Simpsons. Teastaíonn suas le 33,000 pictiúr lámhphéinteáilte in aghaidh gach cláir ach is sa Chóiré a dhéantar na pictiúir a phéinteáil mar go bhfuil sé ró-chostasach iad a dhéanamh i



Meiriceá. Tháinig athrú ar mhuintir Simpson le blianta beaga anuas. "Níl Homer, an t-athair, chomh mór sin as a mheabhair agus níl Marge, an mháthair, chomh hóinsiúil agus a bhí. Tá Lisa níos cliste agus tá suim aici sa rud atá ceart. Agus Bart, bhuel, tá seisean beagáinín níos deise, bhuel, beagáinín!" a deir Nancy.

**5.** Réalta cháiliúil agus shaibhir í Nancy Cartwright de bharr Bhart Simpson agus tá sí buíoch de Bhart mar gheall air.

(i) 'Tá cáil mhór ar Bhart Simpson' a deirtear sa *chéad alt*. Luaigh **dhá rud** atá san alt sin a thaispeánann go bhfuil sé cáiliúil. (10 marc)

(ii) 'Ba é an rud a rinne Daws Butler an rud is tábhachtaí a tharla dom riamh i mo shaol,' a deir Nancy sa *dara halt*. Cad a rinne Daws Butler do Nancy? (10 marc)

(iii) Deirtear sa *tríú halt* go ndearna na Simpsons rud amháin nach ndearna na cartúin eile. Cad é an rud sin? (10 marc)

(iv) Cén fáth a ndéantar na pictiúir don chlár seo sa Chóiré (*an ceathrú halt*)? (10 marc)

(v) 'Tháinig athrú ar mhuintir Simpson le blianta beaga anuas', a deirtear sa *cheathrú halt*. Cad iad na hathruithe a tháinig ar **bheirt** de mhuintir Simpson le blianta beaga anuas? (10 marc)

*LEATHANACH BÁN*

*LEATHANACH BÁN*